Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/4840

12.8.2024

**Iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal de Justiça (an Phortaingéil) a taisceadh an 23 Aibreán 2024 – Meliá Hotels International, S.A. v Associação Ius Omnibus**

**(Cás C-286/24, Meliá Hotels International)**

(C/2024/4840)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Supremo Tribunal de Justiça

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Meliá Hotels International, S.A.

*Cosantóir:* Associação Ius Omnibus

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) An bhfuil feidhm ag Airteagal 5(1) de Threoir 2014/104/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] an 26 Samhain 2014 maidir le caingean i ndáil le rochtain ar fhianaise sula dtionscnaítear caingean i leith damáistí de réir bhrí Airteagal 2(4) den Treoir sin?

   I gcás go dtugtar freagra dearfach ar an gceist roimhe seo:

2) An bhforchuirtear i gcónaí leis an gceanglas maidir le sochreidteacht an éilimh ar dhamáistí a leagtar síos le hAirteagal 5(1) de Threoir 2014/104/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 go léireodh an t-iarratasóir, sa chás atá i gceist, gur mó is dócha ná a mhalairt go ndearnadh dochar do na tomhaltóirí ábhartha, eadhon siúd a bhfuil cónaí orthu sa Phortaingéil sa chás seo?

3) An féidir le cúirteanna náisiúnta an critéar maidir le sochreidteacht an éilimh ar dhamáistí a leagtar síos le hAirteagal 5(1) de Threoir 2014/104/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 a bhunú ar an bhfíoras gur ghlac na húdaráis náisiúnta inniúla cinneadh? Go háirithe, chun críocha a leithéide d'anailís, cén tionchar a bheadh ann i gcás inar glacadh leis an gcinneadh atá i gceist mar chuid de nós imeachta socraíochta maidir le sárú ingearach de réir cuspóra ar dhlí iomaíochta an Aontais Eorpaigh?

---

[1] Treoir 2014/104/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le rialacha áirithe lena rialaítear caingne i leith damáistí faoin dlí náisiúnta maidir le sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh (IO 2014, L 349, lch. 1).